GCSE

Rewarding Learning

Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe GCSE CCEA

Ceol

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017
Le **measúnú** den chéad uair Samhradh 2019
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019

Cód Ábhair: 7010

Réamhrá

Tá sonraíochtaí nua forbartha ag CCEA a chomhlíonann critéir cháilíochtaí GCSE. Tá na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a théann leis na sonraíochtaí nua á gcur ar fáil le treoir a thabhairt do lárionaid ar struchtúr agus ar thréithe na measúnuithe atá beartaithe roimh an chéad mheasúnú. Is é an aidhm gur cuidiú iad na hábhair shamplacha mheasúnaithe sa leabhrán seo le go dtuigfidh múinteoirí agus daltaí, a oiread agus is féidir, an méid a mbeidh marcálaithe ag dúil leis i bhfreagraí iarrthóirí ar na cineálacha tascanna agus ceisteanna a chuirfear ina láthair ag leibhéal GCSE. Ba chóir na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a úsáid i gcomhar le sonraíocht GCSE CCEA don Cheol.

LEATHANACH BÁN

Ceol GCSE
Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe

Clár Ábhair

Páipéir Shamplacha **3**

Comhpháirt 2: Cumadóireacht (Spreagthach Réamheisiúna do Shaothar B) 3
Comhpháirt 3: Éisteacht agus Breithmheas 7

Scéimeanna Marcála **23**

Treoracha Ginearálta Marcála 25
Comhpháirt 3: Éisteacht agus Breithmheas 29

Cód Ábhair	7010
QAN	603/1222/1

Foilseachán CCEA © 2017

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoilseachán seo a íoslódáil ó www.ccea.org.uk

PÁIPÉIR SHAMPLACHA

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2019

Ceol

Comhpháirt 2:

Cumadóireacht

[CÓD]

SAMPLA

Spreagthach Réamheisiúna do Shaothar B

LEATHANACH BÁN

Ba chóir d'iarrthóirí ceann **amháin** de na trí spreagthach a leanas a roghnú le saothar a chruthú.

Úsáidfear na critéir éigeantacha seo a leanas le measúnú a dhéanamh ar obair iarrthóirí:

- Cruthú, eagrú agus forbairt na smaointe (10 Marc)
- Tuiscint, rialú agus úsáid acmhainní (8 Marc)

agus trí cinn de na critéir bhreise seo a leanas:

- Úsáid armóine (4 Mharc)
- Uigeacht/tionlacan (4 Mharc)
- Úsáid teicneolaíochta (4 Mharc)
- Spéis rithimeach (4 Mharc)
- Spéis eispriseach (4 Mharc)

Is é **30** an marc iomlán do Shaothar B.

Tá cead ag iarrthóirí liricí a chruthú/a roghnú más mian leo páirt ghutha a chur isteach sa tsaothar s'acu.

Má fhóireann sé don stíl nó don tseánra is rogha le hiarrthóirí, tá cead acu athruithe a dhéanamh ar an tséis, ar sheicheamh na gcordaí nó ar an rithim de réir mar a théann an saothar chun cinn ach ba chóir an spreagthach a roghnaíodh a bheith i bhfoirm scríofa am éigin sa phróiseas.

Spreagthach 1



Spreagthach 2

Spreagthach 3

Mórghléas C	**Mionghléas A**	**Mórghéas F**	**Mórghléas G**
Mionghléas A	**Mionghléas D**	**Mórghléas G**	

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2019

Ceol

Comhpháirt 3:

Éisteacht agus Breithmheas

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach** ceist i Roinn A, Roinn B agus Roinn C.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é **70** an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **gceist 9**.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
Marc Iomlán	

Roinn A

Tá ceithre cheist sa roinn seo atá bunaithe ar na saothair dhualgais a bhfuil staidéar déanta agat orthu. Caithfidh tú gach ceist sa roinn seo a fhreagairt.

1 For unto us a child is born,

2 unto us a Son is given,

3 unto us a Son is given.

4 For unto us a child is born,

5 unto us a Son is given,

6 unto us a Son is given.

7 For unto us a child is born,

8 unto us a Son is given,

9 unto us a Son is given,

10 unto us a Son is given:

11 and the government shall be upon His shoulders,

12 and the government shall be upon His shoulders.

1 ‘For Unto Us A Child is Born’

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Cluinfidh tú sliocht as ceann de do shaothair dhualgais.
Cluinfidh tú an sliocht **ceithre** huaire.
Tá an sliocht clóite ar an leathanach thall.

(a) Sainaithin an **sórt ensemble córúil** atá ag seinm sa tsliocht seo.

_____ [1]

(b) Sainaithin an **tseift shéiseach** atá in úsáid sa pháirt ghutha le linn líne 2 agus líne 3. **Ciorclaigh** an freagra s’agat.

arpeggio **ostinato** **scála** **seicheamh**

[1]

(c) Cuir síos ar an **uigeacht ghutha** i línte 11–12.

_____

_____ [2]

(d) Cad é an **sórt saothair** as ar tógadh an curfá seo?

_____ [1]

(e) Tabhair **dhá** fháth a bhfuil an ceol seo ina shampla tipiciúil den tréimhse Bharócach.

1 _____

_____

2 _____

_____ [2]

2 ‘Burn Baby Burn’

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Cluinfidh tú sliocht as ceann de do shaothair dhualgais.
Cluinfidh tú an sliocht **ceithre** huaire.

(a) Sainaithin **an t-ord** ina gcluintear na huirlisí seo a leanas.
Cuir na huimhreacha 1 go 4 sna boscaí thíos.

Foireann Drumaí ☐

Dord ☐

Príomhghiotár ☐

Giotár Rithime ☐ [4]

(b) Críochnaigh an seicheamh 4 chorda thíos, a athsheinntear arís is arís eile san intreoir.

Mórghléas B	_____	_____	Mórghléas F#

[2]

(c) Sainaithin an **tsainéifeacht** a úsáidtear ar an ghiotár rithime agus ar an phríomhghiotár.

_____ [1]

(d) Cad é an **seánra ceoil** lena mbaineann an sliocht seo?

_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

3 ‘Superman Theme’

Cluinfidh tú dhá shliocht as ceann amháin de do shaothair dhualgais. Cluinfidh tú gach sliocht **ceithre** huaire.

(a) Amharc ar an tséis thíos, a chluintear ag tús an tsleacha.

Cuir isteach na nótaí atá ar iarraidh. Tá an rithim le fáil os cionn an cheoil.



[4]

(b) Sainaithin **an uirlis** a sheinneann an téama tosaigh seo.

_____ [1]

(c) Sainaithin an **tseift rithimeach** a úsáidtear i mbarra 1 agus i mbarra 3 den téama tosaigh.

_____ [1]

(d) Tabhair fáth **amháin** ar gnáthrud sa cheol scannáin an sliocht seo.

_____

_____ [1]

4 ‘Prelude Polka’

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Cluinfidh tú sliocht as ceann de do shaothair dhualgais.
Cluinfidh tú an sliocht **ceithre** huaire.

(a) Sainaithin **dhá** uirlis thraidisiúnta a chluintear sa tsliocht seo.

_____

_____ [2]

(b) Sainaithin uirlis neamhthraidisiúnta **amháin** a chluintear sa tsliocht seo.

_____ [1]

(c) Sainaithin **amchomhartha** an tsleachta.

_____ [1]

(d) Sainaithin **tonúlacht** an tsleachta seo.

_____ [1]

(e) Cuir síos ar an **stíl uigeachta agus tionlacain** sa tsliocht.

_____

_____

_____

_____ [2]

Roinn B

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Sa roinn seo tá ceithre cheist bunaithe ar cheol ó na Réimsí Staidéir nach bhfuil siad eolach air. Caithfidh tú gach ceist sa roinn seo a fhreagairt.

5 Cluinfidh tú sliocht de cheol ceolfhoirneach.
Seinnfear an sliocht **ceithre** huaire.

(a) Sainaithin an **uirlis aonréadach** a sheinntear ag tús an tsleachta.

_____ [1]

(b) Cuir síos ar an **tionlacan** uirlise atá leis an tséis tosaigh.

_____

_____ [2]

(c) Sainaithin an **ghaothuirlis adhmaid** atá ag seinm in aoncheol nuair a athsheinntear an tséis seo.

_____ [1]

(d) Cé acu de na séiseanna seo a leanas a chluintear?
Ticeáil an bosca ceart.



[1]

(e) Mol téarma Iodáilise le cur síos ar an teicníc uirlise a úsáidtear leis an **tséis** a sheinm.

_____ [1]

(f) Sainaithin an **críochdhúnadh**.

_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

6 Cluinfidh tú sliocht de cheol pobail.
Seinnfear an sliocht **ceithre** huaire.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(a) Cá mhéad **corda** éagsúil a úsáidtear sa mhír uirlise den tsliocht?

_____ [1]

(b) Sainaithin **tonúlacht** an tsleachta.

_____ [1]

(c) Cuir síos ar an phíosa ina bhfuil an **fhoireann drumaí** sa mhír uirlise.

_____

_____

_____

_____ [2]

(d) Cuir síos ar an **tionlacan** ón uair a thagann an ceol gutha isteach go dtí deireadh an tsleachta. Déan **trí** phointe.

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

7 Cluinfidh tú sliocht de cheol Traidisiúnta na hÉireann.
Seinnfear an sliocht **ceithre** huaire.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(a) Sainaithin an **chnaguirlis** a sheinntear ag tús an tsleachta.

_____ [1]

(b) Sainaithin an **tseift armónach** a úsáidtear ag an phointe sin.

_____ [1]

(c) Cé acu de na focail seo is fearr a chuireann síos ar an cheol?
Ciorclaigh an freagra s'agat.

Fonn **Port** **Cornphíopa** **Port Luascach**

[1]

(d) Cuir síos ar an athrú a thagann ar an cheol nuair a athsheinntear roinn A.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Sainaithin **uirlis amháin** a sheinneann an tséis i roinn B.

_____ [1]

(f) Cuir síos ar an **uigeacht** i roinn B.

_____ [1]

8 Cluinfidh tú sliocht de cheol scannáin.
Cluinfidh tú an sliocht **ceithre** huaire.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(a) Cén **rannóg den cheolfhoireann** a sheinneann an téama tosaigh?

_____ [1]

(b) Cuir síos ar an **tionlacan cheolfhoirneach** atá leis an téama seo.

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

(c) Cuir síos ar an dóigh a dtagann athrú ar an phríomhthéama **agus** ar an tionlacan sa chuid eile den tsliocht.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [4]

Roinn C

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Sa roinn seo tá ceist amháin bunaithe ar na saothair dhualgais.

9 Cluinfidh tú an saothar dualgais ina iomláine **trí** huaire.

Is é 12 mharc iomlán na marcanna don cheist seo ar a n-áirítear marcanna do chaighdeán na cumarsáide scríofa.

Pléigh an dóigh a n-úsáideann Eric Coates na heilimintí ceoil a leanas in *March* (*The Dam Busters*). Déan **trí** phointe bhailí do gach eilimint cheoil.

- Ionstraimiú
- Séis
- Dinimic agus Fuaimniú
- Tonúlacht agus Armóin [12]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

SCÉIMEANNA MARCÁLA

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

2019

Ceol

TREORACHA GINEARÁLTA
MARCÁLA

Treoracha Ginearálta Marcála

Intreoir
Is é cuspóir na scéimeanna marcála a chinntiú go marcáiltear scrúduithe GCSE go comhsheasmhach agus go cothrom. Sa scéim mharcála, tugtar léiriú do mharcálaithe ar chineál agus ar réimse de fhreagairtí iarrthóirí ar dócha gur fiú creidiúint iad. Leagtar amach iontu fosta na critéir ba chóir dóibh a fheidhmiú agus iad ag tabhairt marcanna ar fhreagairtí iarrthóirí.

Cuspóirí measúnaithe
Thíos tá na cuspóirí measúnaithe don Cheol GCSE.
Ní mór d'iarrthóirí:

CM1 seinm le smacht teicniúil, mothú agus foilsiú;
CM2 smaointe ceoil a chumadh agus a fhorbairt le smacht teicniúil agus léirchruinneas
CM3 eolas ar an cheol a léiriú agus a chur i bhfeidhm; agus
CM4 scileanna breithmheasa a úsáid le breithiúnais mheastóireachta agus léirmheastacha a dhéanamh ar cheol.

Cáilíocht fhreagairtí na n-iarrthóirí
Nuair a bhíonn siad ag marcáil scrúdpháipéar, ba chóir do scrúdaitheoirí cáilíocht freagartha a lorg a léiríonn an leibhéal aibíochta a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, ag dalta 16 bliana d'aois óir is é sin an aois atá ag formhór iarrthóirí scrúduithe GCSE.

Solúbthacht sa mharcáil
Níltear ag dúil le scéimeanna marcála a bheith iomlán saintreorach. Ní thig le scéim mharcála ar bith gach freagairt a thabharfadh iarrthóirí a chlúdach. I gcás freagraí nach rabhthas ag súil leo, bítear ag dúil le scrúdaitheoirí a mbreithiúnas gairmiúil a fheidhmiú le bailíocht freagraí a mheas. Má tá fadhb ar leith ag baint le freagra, ba chóir do scrúdaitheoirí treoir a iarraidh ar an Scrúdaitheoir Maoirseachta.

Marcáil dhearfach
Moltar do scrúdaitheoirí a bheith dearfach agus iad ag marcáil, agus creidiúint chuí a thabhairt don méid atá ar eolas ag daltaí, an méid a thuigeann siad agus an méid a thig leo a dhéanamh seachas pionós a ghearradh orthu as earráidí nó as easnaimh. Ba chóir do scrúdaitheoirí feidhm a bhaint as réimse iomlán na marcanna atá ar fáil in aon cheist ar leith agus bheith sásta iomlán marcanna a bhronnadh ar fhreagairt atá chomh maith agus a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, ó iarrthóir GCSE 16 bliana d'aois.

Marcanna nialasacha a bhronnadh
Is ar fhreagairtí bailí amháin ba chóir marcanna a bhronnadh agus níor chóir marcanna a bhronnadh ar fhreagra atá go huile agus go hiomlán contráilte nó míchuí.

Cineálacha scéimeanna marcála
Marcáiltear tascanna nó ceisteanna inar gá d'iarrthóirí freagairt shínte scríofa a thabhairt ar bhonn leibhéil freagartha a chuireann caighdeán na cumarsáide scríofa san áireamh.

Ceisteanna eile nach bhfuil ach freagraí gairide de dhíth orthu, marcáiltear iad ar bhonn pointe ar phointe le marcanna bronnta ar gach píosa bailí eolais a chuirtear ar fáil.

Leibhéil freagartha
Tascanna agus ceisteanna a éilíonn ar iarrthóirí scríbhneoireacht shínte mar fhreagairt, déantar iad a mharcáil i dtéarmaí leibhéil freagartha. Agus cinneadh á dhéanamh acu ar an leibhéal freagartha atá le bronnadh, ba chóir do scrúdaitheoirí an 'oiriúint is fearr' a chuardach, ag cur san áireamh gur féidir laige i réimse amháin a chúiteamh le láidreacht i réimse eile. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar mharc le bronnadh ar fhreagairt taobh istigh de leibhéal ar leith, táthar ag dúil le go mbainfidh scrúdaitheoirí úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil. Cuirtear an treoir seo a leanas ar fáil le cuidiú le scrúdaitheoirí.

- ***Feidhmíocht tairsí***: Freagairt a thuilleann creidiúint sa leibhéal más ar éigean agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi ag bun an raoin nó in aice leis sin.
- ***Feidhmíocht idirmheánach***: Freagairt a thuilleann go follasach creidiúint sa leibhéal agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi i lár an raoin nó in aice leis sin.
- ***Ardfheidhmíocht***: Freagairt a chomhlíonann go hiomlán an cur síos ar an leibhéal agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi ag barr an raoin nó in aice leis sin.

Caighdeán na cumarsáide scríofa
Cuirtear caighdeán na cumarsáide scríofa san áireamh nuair a bhítear ag measúnú freagairtí iarrthóirí ar gach tasc agus ar gach ceist inar gá dóibh freagairt a thabhairt i bhfoirm shínte scríofa. Marcáiltear na tascanna agus na ceisteanna seo ar bhonn leibhéil freagartha. Tá tagairt do chaighdeán na cumarsáide scríofa sa chur síos ar gach leibhéal freagartha.

Ar mhaithe le gontacht, idirdhealaítear caighdeán na cumarsáide scríofa taobh istigh de leibhéil freagartha mar seo a leanas:

Leibhéal 1: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa teoranta.
Leibhéal 2: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil.
Leibhéal 3: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa maith.
Leibhéal 4: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa ar dóigh.

Agus léirmhíniú á dhéanamh acu ar gach cur síos ar leibhéal, ba chóir do scrúdaitheoirí tagairt a dhéanamh don treoir thíos atá níos mionsonraithe:

Leibhéal 1 (Teoranta): Ní dhéanann an t-iarrthóir ach rogha agus úsáid theoranta d'fhoirm agus de stíl chuí scríbhneoireachta. Is féidir go bhfuil easpa soiléireachta agus léirchruinnis ag baint le heagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. Is féidir nach bhfuil an chiall soiléir mar gheall ar chur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach.

Leibhéal 2 (Sásúil): Ní dhéanann an t-iarrthóir ach rogha agus úsáid bhunúsach as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá roinnt soiléireachta agus léirchruinnis ag baint le heagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. Is féidir nach bhfuil an chiall soiléir i gcónaí mar gheall ar chur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach.

Leibhéal 3 (Maith): Déanann an t-iarrthóir rogha agus úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá ábhar ábhartha eagraithe le roinnt soiléireachta agus léirchruinnis. Baintear roinnt úsáid as sainstór cuí focal. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 (Ar Fheabhas): Roghnaíonn agus úsáideann an t-iarrthóir an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá ábhar ábhartha eagraithe le hardchéim soiléireachta agus léirchruinnis. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór cuí focal. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ar chaighdeán ard go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2019

Ceol

Comhpháirt 3: Éisteacht agus Breithmheas

[CÓD]

SAMPLA

SCÉIM MHARCÁLA

			MARCANNA AR FÁIL
1	**Messiah, *For Unto Us a Child is Born* 0:00 – 1:11**		
	(a) Cór SATD (*SATB*)	[1]	
	(b) seicheamh	[1]	
	(c) Tosaíonn le teanóir, freagraíonn na sopráin, aithriseach, troitheán i bpáirt an teanóir, uigeacht homafónach	[2]	
	(d) oratóir	[1]	
	(e) Basso continuo Úsáid seicheamh Úsáid cruitchláir (2 x [1])	[2]	7
2	**'*Burn Baby Burn*' 0:00 – 0.36**		
	(a) Príomhghiotár Dord Foireann Drumaí Giotár Rithime	[4]	
	(b) Mórghléas E, Mionghléas C# (2 x [1])	[2]	
	(c) Saobhadh	[1]	
	(d) Rac/Rac Malartach/Rac Indie	[1]	8
3	**'*Superman Theme*' 0:00 – 0:43**		
	(a) C, G, C, E (4 x [1])	[4]	
	(b) Coirn	[1]	
	(c) Trírín	[1]	
	(d) Ceann amháin ar bith acu seo a leanas: • Úsáid ostinato • Oscailt ghleadhartha • Úsáid ceolfhoireann iomlán • Leitmóitífeanna	[1]	7

4 ***Prelude Polka*** **0:00 – 1:00**

MARCANNA AR FÁIL

(a) Bainseó, Giotár, Bosca Ceoil (2 x [1]) [2]

(b) Foireann Drumaí [1]

(c) 4/4 [1]

(d) Mórghléas [1]

(e) Homafónach, Aoncheol, Úsáid cordaí sa ghiotár [2] 7

5 **Delibes,** ***Sylvia*** **–** ***Pizzicato*** **1.03 – deireadh**

(a) Feadóg mhór [1]

(b) Seinneann na téada uachtaracha cordaí pizzicato
Seinneann na téada ochtacha suas, béim á cur ar an dara buille den bharra
Seinneann an t-olldord ar an chéad bhuille den bharra [2]

(c) Clairinéad [1]

(d) Sliocht B [1]

(e) Pizzicato [1]

(f) Lándúnadh [1] 7

6 Avicii - *Wake Me Up* 1.30 - 2.30

MARCANNA AR FÁIL

(a) 4 chorda [1]

(b) Mórghléas [1]

(c) Buille seasta 4/4
Dord-druma láidir
Ciombail troitheáin shioncóipithe (seachbhuille)
Seinm go hard (2 x [1]) [2]

(d) Titeann na drumaí amach
Tá an dinimic níos ciúine
Tagann na drumaí isteach arís le ciombal troitheáin
Laghdaíonn an uigeacht – gan ann ach giotár amháin (3 x [1]) [3] 7

7 *O'Sullivans March*, The Essential Chieftains 0:00 – 2:10

(a) Bodhrán [1]

(b) Dordán [1]

(c) Port [1]

(d) Seinneann feadóg stáin in aoncheol leis an tséis [1]
Seinneann an chláirseach cordaí agus cordaí briste [1]

(e) Feadóg stáin/Cláirseach [1]

(f) Aoncheol [1] 7

8 ***The Magnificent Seven*** **(Elmer Bernstein) 2:06 – 3:29**

MARCANNA AR FÁIL

(a) Práis [1]

(b) **Trí** cinn ar bith acu seo a leanas:

- Camáin athdhéanta ar na téaduirlisí uachtaracha.
- Cordaí sioncóipithe sna práisuirlisí íochtaracha.
- Móitíf ghleadhartha ar na práisuirlisí sula n-athsheinntear an téama.
- Cnaguirlisí lena n-áirítear ciombail (ag seinm na rithime céanna agus atá an tionlacan)
- Sreangdhruma
- Timpani [3]

(c) **Ceithre** cinn ar bith acu seo a leanas:

- Liriciúil
- Níos fadálaí
- Seinneann an corn an téama agus ina dhiaidh sin
- Cuntrashéis ar an fheadóg mhór
- Ansin seinneann an fheadóg mhór an téama
- Seinneann an t-óbó an téama don tríú huair seo leis an veidhlín ag gearradh isteach agus ansin an corn
- Seinneann an corn an scála crómatach
- Seinneann an chláirseach cordaí briste
- Seinneann na téaduirlisí nótaí marthanacha
- Téada pizzicato
- Cloig Indiacha [4] 8

9

MARCANNA AR FÁIL

Leibhéal		Tuairiscín
Bronntar [0] marc ar obair nach fiú creidiúint í.		
1	[1]–[3]	Tá an freagra teoranta mar gheall ar easpa eolais ar an tsaothar dualgais. Is beag iarracht atá déanta ábhar an fhreagra a cheangal leis an cheist. Seans go bhfuil roinnt mhaith sonraí nach mbaineann le hábhar sa fhreagra. Tá pointe bailí amháin sa fhreagairt a dhéanann tagairt do chuid de na heilimintí ceoil. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa teoranta.
2	[4]–[6]	Léirítear roinnt eolais ar an tsaothar dualgais sa fhreagra. Seans go dtugtar eolas neamhbhainteach agus gan go leor sonraí ceoil. Tá iarracht bheag déanta an t-ábhar a cheangal leis an cheist. Tá ar a laghad pointe bailí amháin sa fhreagairt a thagraíonn do gach eilimint den cheol. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil.
3	[7]–[9]	Sa fhreagra léirítear eolas maith ar an tsaothar dualgais le sonraí cuí ceoil. Tá iarracht mhaith déanta ábhar an fhreagra a cheangal leis an cheist. Tá dhá phointe bhailí ar a laghad sa fhreagairt a thagraíonn do gach eilimint den cheol. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa maith.
4	[10]–[12]	Sa fhreagra léirítear eolas sármhaith ar an tsaothar dualgais le leibhéal ard de shonraí ceoil. Tá iarracht an-mhaith déanta ábhar an fhreagra a cheangal leis an cheist. Tá trí phointe bhailí sa fhreagairt a thagraíonn do gach eilimint den cheol. Tá caighdeán na cumarsáide scríofa ar dóigh.

***March (The Dam Busters)* - The Dam Busters - Eric Coates**

Trí cinn ar bith acu seo a leanas nó trácht bailí ar bith eile:

Ionstraimiú

- Téamaí á roinnt i measc na bpáirteanna, go háirithe idir na práisuirlisí, na gaothuirlisí adhmaid agus na téaduirlisí
- Úsáidtear rannóga den cheolfhoireann mar thionlacan leis an ábhar théamach a threisiú
- Úsáidtear cnaguirlisí go héifeachtach síos tríd
- Stíl ghleadhartha á seinm ag na Práisuirlisí
- Úsáid éifeachtach as an cheolfhoireann iomlán

Séis

- Tá dhá phríomhthéama shéiseacha in amchomhartha 2/4
- Úsáid nótaí cúnta
- Seinneann uirlisí éagsúla ag amanna áirithe
- Méadú agus Laghdú
- Struchtúr dénártha agus trínártha na séiseanna
- Gluaiseacht chrómatach

Dinimic agus Fuaimniú

- Grádú dinimice
- Úsáid crescendo agus diminuendo
- Úsáid réimse leathan dinimice
- Úsáid legato agus staccato

Tonúlacht agus Armóin

- Scríofa i mórghléas C
- Modhnuithe ar mhórghléas G agus ar mhórghléas F
- Modhnuithe gasta trí mhionghléas F agus trí mhionghléas D
- Úsáid lándúnadh, leathdhúnadh agus dúnadh briste [12]

Glac le freagairt mhalartach bhailí.

12

Iomlán 70

MARCANNA AR FÁIL

© CCEA 2017

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning